webwise.ie

# HTML HEROES

## Seo Chugaibh an tIdirlíon

**Le Kieran Fanning**



# Is é Webwise a chuir an leabhar gearrscéalta de na Laochra HTML le chéile chun cabhrú le múinteoirí daltaí rang 1 agus 2 a chur ar an eolas faoin tsábháilteacht ar líne.

## Eolas Faoi

Sna chúig ghearrscéal maisithe seo, foghlaimeoidh na daltaí na bunscileanna chun a bheith sábháilte ar líne, agus ina measc siúd an fáth go bhfuil sé ríthábhachtach gan dearmad a dhéanamh ar STOP, SMAOINIGH, SEICEÁIL agus iad ag déanamh teagmháil ar an domhan digiteach. Tá cúig cheacht agus lámhleabhar múinteoirí ag gabháil leis na scéalta sa leabhar seo, agus tá siad sin ar fáil do chách ar webwise.ie/html-heroes.

Tá an Clár Na Laochra HTML saincheaptha do mhúinteoirí rang 1 agus 2 chun na chéad chéimeanna a bhaineann leis an rochtain ar an idirlíon agus le conas úsáid a bhaint as ar bhealach atá sábháilte agus freagrach. Tá cúig cheacht ábhar-bhunaithe san acmhainn agus is féidir iad a iniúchadh mar cheachtanna ar leith, nó iad go léir a chur ar fáil san aon aonad amháin. Sna ceachtanna seo, déantar scrúdú ar conas an t-idirlíon a úsáid go sábháilte, conas cumarsáid a dhéanamh ar líne, conas imirt agus foghlaim ar líne, agus conas cabhair agus tacaíocht a fháil chuige sin uile.

## Eolas Faoi Webwise

Is é Webwise an Lár-Ionad um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín in Éirinn, cuid den tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí, seirbhís tacaíochta arna maoiniú ag an Roinn Oideachais. Tá Webwise comh-mhaoinithe ag an Roinn Oideachais & Scileanna agus ag Saoráid um Chónascadh an Aontais Eorpaigh.

*Scéalta scríofa ag Kieran Fanning*
*Cóipcheart. Webwise 2021. Gach ceart ar cosaint.*

webwise.ie

**Buneolas:**
**Cuir Aithne ar na Laochra HTML** 4

**Scéal 1:**
**Dolly agus an tIdirlíon** 6

**Scéal 2:**
**Jimmy an Mhír Mhearaí** 14

**Scéal 3:**
**Is breá le hAndy an tOtharcharr na Caisleáin** 24

**Scéal 4:**
**Cuireann Dolly Física ar a Mamó** 30

**Scéal 5:**
**Archie agus an Rí-Laghairt Dé-Cheannach** 36

*Is é an tseirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí amháin atá freagrach as ábhar an leabhráin seo agus féadfar nach tuairim an Aontais Eorpaigh atá léirithe ann.*

## Cuir Aithne ar na Laochra HTML

**Dlúthchairde is iad an bheirt Laochra HTML, Archie, sa dath glas, agus Ruby, sa dath corcra. Eochracha USB sona sásta is iad, agus síleann siadgo bhfuil deireadh gach eolais acu - ach is mór an méid atá le foghlaim acu san fhírinne.**

**Iompraítear Ruby agus Archie ina mbeo nuair a théann chuile dhuine amach as an seomra ranga, agus tá siad in ann taisteal tríd an idirlíon. Agus iad gafa ina heachtraí ar líne, téann na Laochra HTML tríd an ngréasán domhanda, áit a bhfaigheann siad amach faoi conas a bheith sábháilte ar líne.**

### Céard is eochair Usb ann?

Gléas beag iniompartha cuimhne atá ann, ar féidir leat é a phlugáil isteach in go leor cineálacha ríomhairí éagsúla. Le heochair USB ligtear duit a bheith in ann faisnéis a stóráil agus a aistriú go héasca idir gléasanna éagsúla.

### Céard is brí le HTML?

Hypertext markup language sa Bhéarla. Is cineál cóid nó teanga atá ann, a úsáidtear chun láithreáin ghréasáin agus aipeanna a chruthú.

### Conas a dhéanann Ruby agus Archie nasc leis an idirlíon?


Úsáideann na Laochra HTML ríomhaire nó gléas cosúil le taibléad chun nasc a dhéanamh leis an idirlíon. Úsáideann na Laochra HTML an t-idirlíon chun iniúchadh, foghlaim agus spraoi a dhéanamh, díreach mar a dhéanann go lár daoine daonna. Sin an fáth a bhfuil a fhios ag na Laochra HTML na leideanna is fearr chun tú a choinneáil slán ar líne.

Tá cúig ghearrscéal sa chlár seo faoi Archie, Ruby agus roinnt cairde nua ón seomra ranga. Úsáidfidh Ruby agus Archie an t-eolas atá acu faoin idirlíon chun cabhrú leis na
carachtair nua siúd spraoi a bheith acu agus fanacht slán sábháilte nuair atá siad ag fáil amach faoin saol ar líne den chéad uair.

# Cuir aithne ar na Laochra HTML - na carachtair sa leabhar scéalta



Na Laochra HTML



Archie



Ruby (ar a dtugtar Ruubs freisin)



Dolly



Jimmy an Mhír Mhearaí



Andy an tOtharcharr

1

# Dolly agus an tIdirlíon






Bhí Dolly ina cónaí ar sheilf bréagán i Seomra Rang 2. Chomh luath agus a bhí na páistí agus an múinteoir imithe abhaile, d'oscail sí a súil agus thug sí spléach timpeall an tseomra. Bhí an chuma chéanna ar an áit is mar a bhí i gcónaí, seachas aon rud amháin. Bhí dearmad déanta ag an múinteoir a ríomhaire glúine a thabhairt abhaile. Bhí sé fágtha ar a deasc.

Is minic a chloiseadh Dolly an múinteoir agus í ag caint faoin ríomhaire glúine sin le linn uaireanta na scoile, agus faoi conas is féidir nascadh le rud ar a dtugtar an t-idirlíon leis, ach ní raibh a fhios ag Dolly i ndáiríre cad faoin a raibh sí ag caint. Bhí deis iontach aici é sin a fháil amach anois.



INTERNET

Agus í ag iarraidh gan na bréagáin eile a dhúiseacht, chuaigh sí ar a barraicíní fad na seilfe agus chrom sí síos ar dheasc an mhúinteora. Nuair a chuir sí a lámh ar luch an ríomhaire glúine, lasadh an scáileán air agus bhí a lán pictiúir bheaga air. Bhí sí díreach chun ceann amháin díobh, faoin teideal 'brabhsálaí idirlín', a chliceáil nuair a chuala sí guth ard a rá, 'Fan díreach mar atá tú, cad atá á dhéanamh agat ansin?'

D'fhéach Dolly síos san áit a raibh píosa plaisteach le haghaidh miongháireach air ag gobadh amach as an ríomhaire glúine.



'Nílim ag iarraidh ach go ligfear dom mé féin a dhíphlugáil,' a dúirt an píosa plaistigh, agus ansin léim sé amach. 'Is mise Archie - an eochair USB 16 ghigibheart is cúláilte a chasfaidh tú leis riamh.'



Ní raibh cliú dá laghad ag Dolly cad a bhí i gceist aige. 'An-dheas bualadh leat. Is mise Dolly. Bhí mé díreach ar tí an tIdirlíon a úsáid.'


'Is áit iontach cúláilte é an t-idirlíon, Dolly, ach caithfidh tú cead a fháil sula dtéann tú ann.'

'Is fíor-áit í mar sin?' A d'fhiafraigh sí de.

'Gréasán de ríomhairí atá ann i ndáiríre, agus iad go léir nasctha agus ceangailte le chéile le sreanga,' arsa Archie.

D'fhéach Dolly síos ar an ríomhaire glúine. 'Ní fheicim sreanga ar bith.'

'Sin toisc go bhfuil an ríomhaire glúine seo nasctha leis an ngréasán tríd an Wi-Fi, agus níl sreanga ag teastáil dá bharr.'



Cliceáil Archie ar an deilbhín don idirlíon, agus bhí bosca bán folamh le feiceáil ar an scáileán.

'Seo inneall cuardaigh,' a dúirt Archie. 'Cuirtear isteach cad é atá á lorg agat ann leis an méarchlár.'

'Ba mhaith liom níos mó eolais a fháil amach fúmsa féin,' a dúirt sí. 'Is mise Dolly Sona Sásta, leagan 3A.'

Léim Archie de phreab ó litir go litir ar an méarchlár, ag clóscríobh na bhfocal isteach san inneall cuardaigh. Nuair a bhrúigh sé ar an eochair iontrála bhí an-chuid faisnéise agus pictiúr le feiceáil ar an scáileán. Fuair Dolly amach gurbh i Meiriceá a raibh sí déanta agus nár díoladh ach líon teoranta dá leagan. Fuair sí amach freisin go raibh mamó aici ina cónaí i Meiriceá.

'Is earra inbhailithe tú, de réir an méid atá scríofa ag seo,' a dúirt Archie. 'Tá luach mór airgid ag teastáil chun tú a cheannach.'





Toisc nach raibh ach aon súil amháin aici, shíleadh Dolly nárbh fhiú mórán í. Bhí sí ag tanú go mór le hinsint dos na bréagáin eile gur 'earra inbhailithe' ab ea í. Ina dhiaidh sin, bhreathnaigh siad ar fhíseán faoi ospidéal na mbábóg' i mBaile Átha Cliath, agus d'imir siad cluiche darb ainm Attack of the Zombie Teddy Bears.

'Measaim go bhfuil neart ama caite againn ar líne anois,' arsa Archie. 'Tá súil agam gur fhoghlaim tú an méid spraoi is féidir a bheith agat ar an idirlíon?'

Chlaon Dolly a cheann ag aontú leis. D'fhoghlaim sí go bhfuil an oiread sin le feiceáil agus le déanamh ar an idirlíon go bhfuil sé éasca dul amú ann freisin. Sin é an fáth gur chóir do pháistí seiceáil i gcónaí le duine fásta sula dtéann siad ar líne nó sula dtéann siad áit nua ann.

Dúirt sí slán le hArchie, agus dhreap sí suas na seilfeanna, agus bhí sí sona sásta na bréagáin eile a fheiceáil agus a lámha á gcroitheadh anuas uirthi. Bhí sí ar bís le hinsint dóibh faoin idirlíon.

# 2 Jimmy an Mhír Mhearaí





Shuigh Jimmy an Mhír Mhearaí ar sheilf i Seomra Ranga 2, ag éisteacht le Dolly ag insint do na bréagáin eile an méid a bhí foghlamtha aici fúithi féin ar an idirlíon.

'Ba mhaith liom tuilleadh a fháil amach fúmsa féin,' arsa Jimmy agus é ag léim chun tosaigh de phreab. 'B'fhéidir go bhféadfadh an t-idirlíon a bheith de chabhair dom.'

Chlaon Dolly a cheann go báúil. Bhí a fhios aici go raibh Jimmy mar chuid de phuzal 35 mír, ach go raibh sé scartha ón 34 mír eile.

'Is fiú triail a bhaint as,' a dúirt sí. 'Tá USB síos ansin, agus chabhróidh seisean leat. Archie a thugtar air.'


SEARCH
35 PIECE JIGSAW
SEARCH

Chlaon Jimmy a cheann ag aontú léi agus chrom sé síos ar dheasc an mhúinteora, áit a bhfaca sé USB plaisteach ag gobadh amach as an ríomhaire glúine.

'Gabh mo leithscéal,' a dúirt sé. 'An tusa Archie?'


Léim an USB amach as an ríomhaire glúine. 'Is mise Ruby, cara le hArchie. An féidir liom cabhrú leat?'

'Is mise Jimmy, agus ba mhaith liom an t-idirlíon a úsáid, le do thoil.'

'Slán an té a fhiafraíos,' arsa Ruby. 'Tá sé tábhachtach i gcónaí cead a iarraidh sula ndéantar nascadh leis an idirlíon.'



Chliceáil sí ar an mbrabhsálaí idirlín agus tháinig inneall cuardaigh suas ar scáileán an ríomhaire glúine. 'Cad é ar mhaith leat é a chuardach?'





18

Rinne Jimmy machnamh air seo. 'Cuir isteach BA MHAITH LIOM MEARAÍ MÍREANNA 35-MÍR A CHUARDACH, LE DO THOIL.'

Rinne Ruby gáire. 'Ní gá duit é sin go léir a chlóscríobh, a Jimmy, is leor eochairfhocail. Sin iad na focail is tábhachtaí chun cabhrú leat na rudaí atá á lorg agat a fháil.'

Léim sí suas ar an méarchlár de phreab agus clóscríobh, 'MÍR MHEARAÍ 35 MÍR' san inneall cuardaigh. Bhí liosta de torthaí le feiceáil ar an scáileán, agus preabfhógra ina measc, agus é scríofa air, 'Cliceáil anseo chun míreanna mearaí saor in aisce a bhuachan.'

'Cúlabúla!' Arsa Jimmy. 'Cliceáil air.'

'Fan soicind,' arsa Ruby. 'Ní smaoineamh maith é cliceáil ar phreab-fhógraí. Is minic gur ag iarraidh tú a mhealladh chun rud éigin a cheannach atá siad, nó fiú go gcuirfidh siad ar aghaidh tú chuig suíomh gréasáin neamhshábháilte.



Tháinig púic ar aghaidh Jimmy. 'Conas is féidir suíomh gréasáin a bheith neamhshábháilte?'

'Bhuel, d'fhéadfadh go mbeadh íomhánna nó físeáin ghránna ann, sonraí pearsanta á iarraidh nó fiú víreas ann a socrófar ar do ríomhaire.'

'Conas a bheadh a fhios agam go bhfuil suíomh gréasáin sábháilte, mar sin?' a d'fhiafraigh Jimmy.

'Taispeánfaidh mé duit,' arsa Ruby.

Ar dtús, chliceáil sí ar an gcnaipe X chun an preab-fhógra a dhúnadh síos. Agus ansin chliceáil sí ar cheann de thorthaí an innill chuardaigh agus bhí suíomh gréasáin faoi mhíreanna mearaí le feiceáil ar an scáileán.


'Tá trí bhealach ann gur féidir leat a fhios a bheith agat gur suíomh gréasáin sábháilte atá ann,' a dúirt sí. 'Uimhir a haon, tá deilbhín glas de ghlas fraincín ag tosach an tseolta ghréasáin.' Dhírigh sí a méar air. 'Uimhir a dó, tá an litir s sa seoladh gréasáin,

díreach tar éis an http. An féidir leat buille faoi thuairim a dhéanamh cad leis a seasann an s? '

'Slán Sábháilte!' Arsa Jimmy.

'Sin é, díreach, a Jimmy. Secure atá i gceist leis an s sin sa Bhéarla, agus is ionann sin is a rá slán sábháilte.' Chlaon Jimmy a cheann ag aontú léi.


'Agus uimhir a trí,' arsa Ruby. 'Seiceáil an bhfuil seoladh poist agus uimhir fóin ar an suíomh Gréasáin chun taispeáint go bhfuil sé á reáchtáil ag fíordhaoine ó fíor-áit.'



'Agus an bhfuil siad ann ar an suíomh seo?'

'Tá,' a dúirt Ruby, agus iad á dtaispeáint dó ar an leathanach EOLAS FÚINN agus an leathanach TEAGMHÁIL ar an láithreáin ghréasáin.

'An bhfuil sé sábháilte é a úsáid, mar sin?' Rinne Ruby aoibh. 'Tá.'




GOOOLE.IE/SEARCH/35 PIECE JIGSAW PUZZLE_

Chaith Jimmy tamall fada ag féachaint ar phictiúir de mhíreanna mearaí éagsúla. Lig sé cnead as nuair a chonaic sé é féin i gceann amháin díobh. Grianghraf de thriúr páistí a bhí ag tógáil caisleáin gainimh ar thrá, lá grianmhar, a bhí ann. Bhí cuma sona sásta orthu.

'An bhfuil tú tar éis an rud a bhí á lorg agat a aimsiú?' a d'fhiafraigh Ruby de.

Chlaon Jimmy a cheann ag aontú léi. 'Shíl mé i gcónaí go raibh rud éigean d'uireasa i mo shaol, agus cé go bhfuil na 34 píosa eile díom fós in easnamh, fós féin tá a fhios agam anois cén chuma atá orainn nuair a chuirtear muid go léir le chéile mar aon.'

'Bhfuil tú sásta? arsa Ruby, agus a éadan claonta i dtreo an scáileáin.

'Tá,' arsa Jimmy. 'Táim sona sásta.'



# 3

# Is breá le hAndy an tOtharcharr na Caisleáin



Bhí na páistí i Seomra Rang 2 ag tarraingt agus ag péinteáil caisleáin mar chuid dá rang ealaíne. Nuair a bhí gach duine imithe abhaile, tháinig na bréagáin ar an tseilf os cionn dheasc an mhúinteora ina mbeo. 'Ba bhreá liom a bheith in ann líníocht chaisleáin a tharraingt,' a dúirt Andy an tOtharcharr.

'Níl cliú dá laghad agam faoi chúrsaí ealaíne,' arsa Dolly, 'ach d'fhéadfá triail a bhaint as an idirlíon. Cuideoidh Archie nó Ruby leat.' Dhírigh sí a méar ar an ríomhaire glúine ar dheasc an mhúinteora, thíos futhu.

Chuir Andy a bhonnán ar siúl agus d'eitil sé síos go dtí an deasc. Bhí sé in ann USB a fheiceáil a raibh aghaidh air, ag gobadh amach as an ríomhaire glúine. 'An tusa Archie nó Ruby?' a dúirt sé.

Rinne an USB í féin a dhínascadh ón ríomhaire glúine. 'Is mise Ruby. Is cara agam é Archie. Conas is féidir liom cabhrú leat?

"Ba mhaith liom a fhoghlaim conas pictiúr caisleáin a tharraingt" An féidir liom an t-idirlíon a úsáid?

'Cinnte,' arsa Ruby. 'Agus slán an té a fhiafraíos. Ba cheart duit i gcónaí cead a iarraidh sula ndéanann tú nasc leis an idirlíon.'



Chliceáil Ruby ar dheilbhín an bhrabhsálaí idirlín ar an scáileán, agus ansin bhí inneall cuardaigh le feiceáil. Phreab sí ar an méarchlár ó eochair go heochair go dtí go bhfuair sí a raibh sí ag iarraidh. Bhreathnaigh siad ar fhíseán ealaíne, an bheirt acu le chéile, inar taispeánadh conas caisleán simplí a tharraingt.

'Anois, fhéachaimis an féidir leat é a dhéanamh,' arsa Ruby.

Chaith Andy an tOtharcharr a cheannsoilse thar an dheasc. 'Ach níl aon ábhair ealaíne againn.'

'Fadhb ar bith,' arsa Ruby. 'Is féidir linn roinnt ealaíne digití a dhéanamh.' Chuaigh sí chuig suíomh gréasáin ina bhfuiltear in ann aipeanna a íoslódáil.

'Is éard is aip ann ná clár a ligean duit rudaí a chruthú.



D’íoslódáil Ruby aip ealaíne a ligeann duit rudaí a tharraingt ar an scáileán agus iad a dhathú, ach dathanna éagsúla a chliceáil. Chaith Andy am fada ag tarraingt a chaisleáin agus dá mhaisiú.

‘Tá cuma iontach air sin,’ a dúirt Ruby. ‘Dhéanaimis é a phriontáil amach.’

Chliceáil sí ar PRINT agus tháinig pictiúr Andy amach as an bprintéir. Bhí sé ar bís leis a thaispeáint dá chairde.

Ina dhiaidh sin, d’úsáid siad aip eile chun caisleán 3T a thógáil ar an scáileán. Rinne siad é as blocanna, agus iad carntha ar bharr a chéile.



'Is iontach an spraoi é seo,' a dúirt Andy. 'An féidir linn féachaint an bhfuil aon chluichí caisleáin le himirt?'

'Cinnte,' arsa Ruby, agus í i mbun nascleanúint a dhéanamh ar ais go dtí an margadh aipeanna.

'Cliceáil an ceann sin!' arsa Andy, ag béiceadh amach dó agus a mhéar dírithe ar an scáileán. 'Ionsaí an Chaisleáin!'

'Fan soicind,' arsa Ruby. 'Níl gach cluiche saor in aisce - bíonn airgead ag teastáil chun cuid díobh a fháil, agus uaireanta bíonn sé deacair a rá cad iad na cluichí atá saor in aisce. Sin é an fáth gur cheart seiceáil i gcónaí le duine fásta sula ndéanann

tú iad a íoslódáil. Ba cheart dúinn rátáil aoise an chluiche nó an aip a sheiceáil sula ndéantar é a íoslódáil chun a bheith cinnte go bhfuil sé ceart go leor do pháistí é a imirt. Ná dearmad riamh ar STOP, SMAOINIGH agus SEICEÁIL sula gcliceálann tú.''

'Tuigim,' arsa Andy. 'STOP, SMAOINIGH agus SEICEÁIL.'





D'aimsigh Ruby cluiche Puzal Caisleán saor in aisce ina raibh ort geataí a oscailt chun éalú ó chaisleán. Sula ndearna sÍ an cluiche a íoslódáil, sheiceáil Ruby an rátáil aoise a bhí ag gabháil leis. Bhí sé rátáilte do leanaí 7 mbliana d'aois agus níos sine - sin ceart go leor do Andy! Tar éis dó a bheith ag imirt ar feadh tamaill, dúirt Andy, 'Ba mhór an spraoi é sin, ach táim in ann na bréagáin a chloisteáil ag spraoi agus iad ag déanamh folach bíog ar a chéile ar an tseilf. Sílim go rachaidh mé chun spraoi leo.'

'Smaoineamh iontach,' arsa Ruby. 'Tá sé iontach a bheith ag spraoi ar líne, ach is fearr é an spraoi sa saol mór fírinne.'

'Go raibh maith agat, a Ruby,' a dúirt Andy, an pictiúr den chaisleán go daingean aige ina lámh, agus léim sé suas ar sheilf na mbréagán agus solas an bhonnáin air ag splancadh.

# 4

# Cuireann Dolly Físghlao ar a Mamo



Nuair a chonaic Dolly Archie agus é ag breathnú ar an gcartún ab fhearr leis ar a tháibléad, shocraigh sí fiafraí de an bhféadfadh sí é a úsáid. Bhí sí i dteagmháil lena mamó i Meiriceá ón am a fuair sí amach fúithi. Ar dtús, ní raibh a fhios ag Dolly fiú céard is ríomhphost ann, ach mhínigh Archie di.

'Is ionann ríomhphost agus an post leictreonach,' a dúirt sé. 'Go bunúsach, is é an rud céanna le litir a sheoladh sa phost, seachas gur litir leictreonach í an litir agus go dtéann sí tríd an idirlíon.'

Chuaigh Dolly síos go deasc an mhúinteora, áit a raibh Archie.

'Haigh Archie,' a dúirt sí. 'An bhféadfainn do tháibléid a úsáid chun ríomhphost a chur chuig Mamó? Tá a lá breithe ag teacht an tseachtain seo chugainn agus ba mhaith liom roinnt grianghraf díom féin agus de Ruby a sheoladh chuici.
'



'Éasca péasca,' a dúirt Archie, agus chluiche á chur ar athló aige. 'Nach mbeadh sé go deas físghlao a chur uirthi dá lá breithe?'

Céard is físghlao ann, Archie?

'Tá sé díreach cosúil le glao gutháin, seachas amháin gur féidir leat an duine a bhfuil tú ag labhairt leis a fheiceáil.'

'Cúlabúla,' Arsa Dolly. 'Conas é a dhéantar é?

'Ar dtús, ní mór dúinn dáta agus am a shocrú le do mhamó.'

Chlóscríobh Dolly r-phost. D'fhiafraigh sí dá seanmháthair an mbeadh sí sásta físghlao a dhéanamh ar a lá breithe. Le cabhair ó Archie, chuir sí cuireadh leictreonach i gceangail sa ríomhphost. Ní bheadh.



An lá dar gcionn, fuair Dolly freagra óna seanmháthair ag rá gur oirr an dáta agus an t-am don ghlao físe di, agus go raibh sí ag súil go mór leis.

Bhí Dolly ar bís maidin lá breithe Mhamó.

'An féidir liom do thaibléad a úsáid tamall chun an físghlao a dhéanamh?' a d'iarr sí de Archie.

'Sea, ach ba cheart duit é a dhéanamh anseo, áit a bhfuil duine fásta i láthair.'

'Ach ní duine fásta thú, a Archie.'

'Ní mé, ach is daoine fásta iadsan.' Chroith sé a lámh i dtreo a thuismitheoirí a bhí i mbun a mbricfeasta a ithe, in aice láimhe.



Is beag nár phléasc Dolly le sceitimíní nuair a bhí Mamó Dolly le feiceáil ar an scáileán. Bhí sé beagnach cosúil le bheith sa seomra céanna lena mhamó.

'Lá breithe shona dhuit, a Mhamó!'

'Ó, go raibh maith agat, a stóirín,' arsa a mamó. 'Agus go raibh maith agat as na grianghraif áille a chuir tú chugam sa ríomhphost.'

'Tá brón orm nach bhfuair mé bronntanas duit do do bhreithlá.'

'Is fearr é seo ná aon bhronntanas lá breithe,' ara Mamó le Dolly.

Bhí siad ag caint le chéile ar feadh tamall maith agus



'Bhí sé chomh cúláilte, Archie,' a dúirt Dolly, nuair a bhí sí críochnaithe leis an nglao. 'An féidir liom físghlao a chur ar aon duine ar bith ar mian liom, mar sin?'

Chroith Archie a cheann. 'Níor cheart duit glaoch a chur ar dhaoine seachas amháin daoine a bhfuil aithne agat orthu.'

Chlaon Dolly a cheann ag aontú leis. 'Táim ar bís cheana féin ag tanú le mo chéad físghlao eile le Mamó. Sílim go gcanfaidh mé an t-amhrán sin di, an ceann a bhíonn tusa agus Ruby ag canadh i gcónaí.'

'Stad Smaoinigh Seiceáil?'

'Sin é, díeach. An múinfidh tú dom, a Archie? '' Dhéanaimis é anois,' a dúirt sé.






5

# Archie agus an Rí-Laghairt Dé-Cheannach






D'éirigh go han-mhaith le hArchie sa chluiche, ROBO WARRIORS. Tá armúr platanam díghlasáilte aige agus gunnaí plasma freisin. Ag deireadh gach leibhéal bhí Bas eachtráin mór le ruaigeadh i gcónaí, agus go dtí seo, bhí an ceann is fearr faighte aige orthu gan fhadhb.





Mar sin féin, is cuma cé chomh dian is a rinne sé iarracht é a dhéanamh, ní raibh sé in ann an Rí-Laghairt Dé-Cheannach a ruaigeadh. Bhí Archie chomh diongbháilte sin go n-éireodh leis gur imir sé an cluiche

gan stad, ar feadh uaireanta fada. Nuair a bhí sé ina chodladh, bhí brionglóidí aige faoi, agus bhíodh sé traochta ar maidin dá bharr.

D'imir sé é ag am bricfeasta, fiú.

'Cuir an cluiche sin ar leataobh agus tú ag ithe,' a dúirt a mháthair leis, go feargach, ach lean Archie air é a imirt faoin mbord.

D'imir sé é agus é ag déanamh a chuid obair bhaile, agus rinne sé botúin sa mhatamaitic dá bharr.

'Ní nós leatsa é sin a dhéanamh,' a dúirt múinteoir Archie leis. 'An bhfuil gach rud ceart go leor?' Chlaon Archie a cheann, cé nach raibh sé cinnte go raibh gach rud ceart go leor i ndáiríre.

Nuair a tháinig Dolly agus Jimmy an Mhír Mhearaí síos chun spraoi leis,

níor fhéach Archie suas ón scáileán fiú.

'Táim gnóthach!' a dúirt sé leo go giorraisc, agus chuaigh siad ar ais ar an tseilf agus díomá orthu.

Fiú nuair a d'iarr a chara is fearr, Ruby, air cabhrú léi le tionscadal scoile, dhiúltaigh sé.

'Cén fáth?'

'Táim ag imirt cluiche!'



Bhí fearg ar Ruby. Sciob sí an taibléad as lámha Archie. 'Is mise do chara. Nach bhfuil mé níos tábhachtaí ná an cluiche seo? Ba mhór an spórt thú, Archie, roimhe seo - bhíodh tú ag imirt peile, ag dul amach ar do rothar, agus ag dreapadh ar chrainn. Ach anois ní dhéanann tú faic riamh seachas an cluiche seo a imirt. Ní bheidh aon chairde agat má leanann tú ar aghaidh mar sin.'

Chuir Archie a cheann ina lámha aige. Bhí sé in ann deora ina shúile a mhothú. Lig sé gach duine síos, ach an rud is measa fiú ná gur lig sé síos é féin.

'Tá brón orm, a Ruubs,' a dúirt sé.

'Sin ceart go leor, Archie. Cén fáth nach leanfaimid ar aghaidh leis an gcluiche seo ar feadh tamaill?'

Chlaon Archie a cheann chun aontú, agus chabhraigh sé le Ruby lena tionscadal staire faoina seantuismitheoirí, arbh dhioscaí flapacha iad. D'fhan sí i dtigh Archie don dinnéar agus bhain sí taitneamh as an mbia agus as an gcomhrá a bhí acu lena thuismitheoirí. Bhí sé go deas gan a bheith ag smaoineamh ar an gcluiche an t-am ar fad.




Ina dhiaidh sin, d'eitil siad suas go dtí an tseilf bréagán agus d'imir siad folach bíog le Dolly agus le Jimmy an Mhír Mhearaí.

'Go raibh maith agat, Ruubs, as an dea-ghiúmar seo a chur orm,' arsa Archie.

'Ná habair é,' a d'fhreagair sí. 'Tá sé tábhachtach sos a ghlacadh ón scáileán agus cothromaíocht a bheith agat i do shaol idir gníomhaíochtaí ar líne agus as líne. Déanta na fírinne, anois go bhfuil sos tógtha agat, is dócha go bhfuil sé ceart go leor an cluiche a imirt arís ar feadh tamall beag.'

Chas Archie an táibléad ar obair. Ní amháin go raibh sé réidh le Robo Warriors a imirt arís, ach bhí an-chuid sceitimíní agus fuinnimh air chomh maith. Rinne an briseadh maitheas dó.



Chomh luath agus a tháinig an Rí-Laghairt Dé-Cheannach ar an scáileán, chonaic Archie laige ina chosaintí. Ní raibh armúr ar bith ag an arracht ar chúl a mhuineál. Conas nach raibh sé sin feicthe aige roimhe seo?

Rolladh róbó-laoch Archie ar a thaobh, agus léim suas de phreab, an dá gunnaí plasma á scaoileadh aige ar chúl mhuineál an eachtráin. Chroith an Rí-Laghairt i gcarn ar lár.

'Rinne mé é!' arsa Archie, agus é ag screadaíl amach.

'Maith thú,' arsa Ruby. 'Is í an chothromaíocht an bealach chun an rath, an bhfeiceann tú.'



# CRÍOCH



Faigh amach níos mó faoi na heachtraí a bhíonn ag na Laochra HTML ar na hacmhainní Webwise.ie saor in aisce: webwise.ie/html-heroes

# Éist le hamhrán na Laochra HTML faoin gCód Sábháilteachta ar Líne ag: webwise.ie/html-heroes

Sula dhéanann tú ceangail leis an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil! Nuair atá tú ag scimeáil ar an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil!
Ag cuardach ábhar, Stad Smaoinigh Seiceáil, Stad Smaoinigh Seiceáil!

An t-idirlíon - is dochreidte iontach an rud é, Chun críche spraoi, cruthaíochta agus éisteachta.
Ach mar gheall ar an oiread sin a bheith ann le déanamh ar líne,
D'fhéadfá dul ar strae, go háit nach bhfuil ar eolas agat. An bhfuil tú tar éis dul ar strae, amú san áit mhícheart?
Téigh go cúinne an scáileáin, agus cliceáil an 'X'.
Toisc go bhfuil cód againn gur cheart daoibh go léir a bheith ar do thoill agaibh, **An Cód Sábháilteachta Ar Líne** a thugtar air, agus téann sé mar seo...

Sula dhéanann tú ceangail leis an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil!
Nuair atá tú ag scimeáil ar an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil!
Ag cuardach ábhar, Stad Smaoinigh Seiceáil, Stad Smaoinigh Seiceáil!



Sula gcliceálann tú ar rud éigin nua,
Caithfidh tú stad-smaoineamh-seiceáil sula ndéanann tú é. Fan sna codanna den ghréasán atá le haghaidh daoine ar d'aois féin,
Agus mar sin, más rud nua atá ann, ba cheart duit seiceáil - le do Mham nó do Dhaidí fiú.
Ná déan dearmad gan a bheith mímhacánta riamh ar an idirlíon, ná rud a rá a mbeadh trua ort níos déanaí go ndúirt tú é,
Bígí deas lena chéile nuair atá sibh ar an ngréasán bígí lách, bígí cineálta, agus tugaigí urraim do dhaoine eile

Sula dhéanann tú ceangail leis an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil! Nuair atá tú ag scimeáil ar an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil!
Ag cuardach ábhar, Stad Smaoinigh Seiceáil, Stad Smaoinigh Seiceáil!


Má fheiceann tú rud nach dtaitníonn leat
Rudaí suaracha, gránna, nó rudaí a bhfuil rud éigin ait fúthu Níl le déanamh ach duine fásta a bhfuil iontaoibh agat ann a chur ar an eolas faoi,
Caomhnóir agat nó tuismitheoirí agat, nuair atá tú ar líne, ní mór ... STAD.

Níor cheart duit do phasfhocal a insint le héinne riamh, is mar ghlas agus eochair é, agus tá sé pearsanta
Is leatsa an fhaisnéis a bhaineann leat féin, agus coinnigh slán í dá bharr, óir is í an fáth gur tusa an duine atá ionat féin!
Má fheiceann tú ar an ngréasán lá éigin, cluiche is féidir leat a íoslódáil agus ar mhaith leat í a imirt
Faigh amach ó do thuismitheoirí an bhfuil sé ceart go leor, sula gcliceálann tú, ní mór duit ach fanacht sochair nóiméad, agus a rá...

Sula dhéanann tú ceangail leis an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil! Nuair atá tú ag scimeáil ar an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil!
Ag cuardach ábhar, Stad Smaoinigh Seiceáil, Stad Smaoinigh Seiceáil!

Sea, is áit iontach é an gréasán domhanda, Ach is é an fíor domhan, amuigh faoin spéir, an áit a imrímid san fhírinne, Léigh roinnt leabhar, imir spóirt agus bí ag rith,
Glac sos ón idirlíon, téigh amach faoin spéir agus bain sult as an saol. Ná dearmad riamh aire a thabhairt do do shláinte, déan do chuid ama a chothromú, is féidir leat barr do chumas a bhaint amach i do shaol.

Sula dhéanann tú ceangail leis an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil!
Nuair atá tú ag scimeáil ar an idirlíon, Stad, Smaoinigh, Seiceáil!
Ag cuardach ábhar, Stad Smaoinigh Seiceáil, Stad Smaoinigh Seiceáil!



# Nótaí

# HTML HEROES



Comh-mhaoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tAontas Eorpach, tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF).

webwise.ie

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais
Department of Education

Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility